| | |
|---|---|
| **Teideal an Bheartais:** | Nós Imeachta maidir le Tacaíocht Mhéala – ar Bhás Mic Léinn |
| **Cur síos:** | Leis an Nós imeachta maidir le Tacaíocht Mhéala soláthraítear creat don Institiúid chun: aitheantas a thabhairt don duine a fuair bás, an caillteanas do mhic léinn, baill foirne, agus an pobal i gcoitinne a aithint, freagairt thráthúil chomhordaithe agus chomhsheasmhach ar bhás mic léinn a chinntiú, gréasáin tacaíochta na mac léinn a chur chun tairbhe, daoine a dteastaíonn cúnamh uathu a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo agus freagairt spriocdhírithe a sholáthar agus<br>an tionchar diúltach a íoslaghdú a d'fhéadfadh a bheith ar fholláine mac léinn eile,<br>ar a bhfeidhmíocht acadúil agus ar deireadh coinneáil a mac léinn. |
| **Údar (Post):** | Foireann Cúraim Thréadaigh |
| **Leagan:** | 2 |
| **Faofa Ag:** | Comhlacht Rialaithe Institiúid Oideachais Marino |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Beartais Eile:** | Aibreán 2023 (nó de réir mar is gá) |

# Nós Imeachta maidir le Tacaíocht Mhéala – ar Bhás Mic Léinn

## 1 Comhthéacs

Teagmhas tromchúiseach is ea bás mic léinn don Institiúid ina hiomláine, go háirithe dlúthchairde agus piaraí an mhic léinn agus na baill foirne. Bíonn tionchar ag freagairt na hInstitiúide ar na teaghlaigh,

na mic léinn agus na baill foirne lena mbaineann. Tá sé tábhachtach go bhfreagróidh an Institiúid ar theagmhas dá leithéid ar bhealach ina n-aithnítear caillteanas duine dá mball, go ndéileálfaidh sí go híogair leis an iarmhairt agus go dtacóidh sí chomh maith leis na daoine a dtéann an bás i bhfeidhm orthu. Tugann Nós Imeachta maidir le Tacaíocht Mhéala Institiúid Oideachais Marino treoir do fhreagairt na hInstitiúide ar bhás mic léinn.

## 2 Cuspóir

Leis an Nós Imeachta maidir le Tacaíocht Mhéala soláthraítear creat don Institiúid chun:

2.1 Aitheantas a thabhair don duine a fuair bás.

2.2 An caillteanas do mhic léinn, baill foirne, agus an pobal i gcoitinne a aithint.

2.3 Freagairt thráthúil chomhordaithe agus chomhsheasmhach ar bhás mic léinn a chinntiú.

2.4 Gréasáin tacaíochta na mac léinn a chur chun tairbhe.

2.5 Daoine a dteastaíonn cúnamh uathu a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo agus freagairt spriocdhírithe a sholáthar.

2.6 An tionchar diúltach a íoslaghdú a d'fhéadfadh a bheith ar fholláine mac léinn eile, ar a bhfeidhmíocht acadúil agus ar deireadh conneáil a mac léinn.

## 3 Tairbhí

Rachaidh an Nós Imeachta um Thacaíocht Mhéala chun tairbhe na hInstitiúide tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

3.1 Freagairt Institiúide chomhordaithe agus chomhsheasmhach.

3.2 Soiléireacht ar an ról do bhaill foirne na hInstitiúide.

3.3 Cosaintí do cháil na hInstitiúide.

## 4 Raon feidhme

4.1 Cuirfear Nós Imeachta um Thacaíocht Mhéala Institiúid Oideachais Marino i bhfeidhm i gcás bás aon mic léinn fochéime, iarchéime agus mic léinn ar cuairt. Cé

go bhféadfadh an fhreagairt a bheith difriúil ag brath ar an gcás, beidh an nós imeachta i bhfeidhm do na mic léinn chláraithe agus do na mic léinn nach bhfuil ar na leabhair, chomh maith le mic léinn Institiúid Oideachais Marino a fhaigheann bás agus iad ag staidéar thar lear.

4.2 Beidh an nós imeachta i bhfeidhm maidir le gach mac léinn a chríochnaigh a gcúrsaí ach nár bhain a gcéim amach go fóill.

4.3 Beidh an nós imeachta i bhfeidhm mar an gcéanna le linn an téarma agus lasmuigh den téarma, i ndiaidh na ngnáthuaireanta agus ag an deireadh seachtain chomh maith.

4.4 Níl Céimnithe/Alumni clúdaithe sa nós imeachta. Cé go n-aithnítear go bhféadfadh bás céimí, go háirithe céimí a bhaint a c(h)éim amach le déanaí, a bheith ina theagmhas an-trámach do theaghlaigh agus do chéimithe eile – ní féidir freagairt fhoirmiúil Institiúide a thabhairt. Moltar go gcuirfidh baill foirne a gcuirtear bás céimí in iúl dóibh pearsanra ábhartha lena n-áirítear iartheagascóirí[1], iarmhaoirseoirí agus baill foirne acadúla ar an eolas faoi. Moltar cúnamh a chur ar fáil do theaghlaigh agus d'iarmhic léinn agus moltar dul chuig sochraidí más féidir, go háirithe más céimí le déanaí é nó í an duine a fuair bás.

## 5 Prionsabail

Tá an nós imeachta múnlaithe leis an méid seo a leanas:

5.1 Tiomantas na hInstitiúide do shamhail iomlánach oideachais agus coinneáil mac léinn.

5.2 Tiomantas na hInstitiúide do phobal coláisteach tuisceanach.

5.3 Dualgas Cúraim na hInstitiúide do mhic léinn atá tacaithe ag reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteacht[2].

5.4 Tiomantas na hInstitiúide do na treoirlínte dea-chleachtais agus do fhreagairt faoi thionchar taighde.

5.5 Rúndacht na hInstitiúide – ní roinntear faisnéis ach leis na mbaill foirne a bhíonn páirteach sa fhreagairt 'de réir mar is gá' agus caitear léi mar fhaisnéis faoi rún.

## 6 Nós imeachta

6.1 Méala – (Bás Tobann Mic Léinn)

6.1.1 Cuireann Teagascóir Pearsanta[1], nó ball eile de phobal Institiúid Oideachais Marino an bás in iúl do bhall den Fhoireann Cúraim Thréadaigh.

6.1.2 Nuair a dheimhneofar go bhfuil an fhaisnéis ceart, cuirtear Bliainghrúpa an duine a fuair bás ar an eolas go pearsanta. Cuireann ball den Fhoireann Cúraim Thréadaigh (ina gcuimsítear Léachtóir ó gach ceann díobh seo a leanas; Roinn an

Bhéarla, Roinn na Gaeilge agus an Roinn Cuimsithe, Oideachais Reiligiúnaigh agus Shaol na Mac Léinn)/Teagascóir Pearsanta[3]/Ceannaire an Chúrsa an campas (mic léinn, baill foirne, pobal), agus

---

1 Féach Beartas an Chórais Teagascóirí agus Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí

2 Féach an Beartas um Ráiteas Sábháilteachta

Uachtarán Aontas na Mac Léinn ar an eolas faoin mbás agus socruithe sochraide ina dhiaidh sin.

6.1.3 Téann an Fhoireann Cúraim Thréadaigh i dteagmháil le teaghlach an duine a fuair bás chun a mianta maidir leis an mbás a bhainistiú agus freagairt a thabhairt air a

6.1.4 fháil amach. Nuair is féidir, freastalaíonn an Teagascóir Pearsanta[3] agus ball den Fhoireann Cúraim Thréadaigh ar an tsochraid thar ceann na mball foirne ar fad ag Institiúid Oideachais Marino. Féachann an Fhoireann Cúraim Thréadaigh lena chinntiú go ndéanfaidh duine amháin ar a laghad ionadaíocht d'Institiúid Oideachais Marino ag an tsochraid.

6.1.5 D'fhéadfadh sé go n-eagrófaí seirbhís chuimhneacháin, de réir mar is cuí, do Bhliainghrúpa an duine a fuair bás.

6.1.6 Cuireann an Fhoireann Cúraim Thréadaigh litir chomhbhróin chuig teaghlach an mhic léinn.

6.1.7 Tugann an Fhoireann Cúraim Thréadaigh cuireadh do Choláiste na Tríonóide, Ollscoile Bhaile Átha Cliath Seirbhís Comhairleoireachta (Coláiste na Tríonóide)/Seirbhís Comhairleoireachta Institiúid Oideachais Marino chun bualadh le Bliainghrúpa an duine a fuair bás agus cuirtear an Bliainghrúpa ar an eolas faoin tacaíocht mhéala atá ar fáil ag Coláiste na Tríonóide.

6.2 Bás Mic Léinn ar an gCampas nó i gCóiríocht Mac Léinn (cleamhnaithe nó neamhchleamhnaithe leis an Institiúid)

Cuirtear na Gardaí ar an eolas láithreach. Sna cásanna sin, is iad na Gardaí a chuirfidh an teaghlach ar an eolas. Nuair a fhaightear dearbhú ó na Gardaí gur cuireadh an teaghlach ar an eolas, beidh an Fhoireann Cúraim Thréadaigh freagrach as an nós imeachta seo a thionscnamh, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh leis an teaghlach.

6.3 Bás Mic Léinn Institiúid ar an gCampas nó i gCóiríocht Mac Léinn (cleamhnaithe nó neamhchleamhnaithe leis an Institiúid)

Cuirfear na Gardaí ar an eolas láithreach. Tabharfaidh an Fhoireann Cúraim Thréadaigh sonraí faoin neasghaol don duine a fuair bás do na Gardaí. Nuair a fhaightear dearbhú ó na Gardaí gur cuireadh an teaghlach ar an eolas, beidh an Fhoireann Cúraim Thréadaigh freagrach as an nós imeachta seo a thionscnamh, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh leis an teaghlach. Déanfaidh an Fhoireann Cúraim Thréadaigh idirchaidreamh leis na Gardaí agus leis an Ambasáid do thír an duine a

fuair bás (nuair is féidir) lena chinntiú go leanfar socruithe oiriúnacha go dtí go mbeidh teaghlach an duine a fuair bás ábalta socruithe a dhéanamh.

6.4 Déileáil le Fiosruithe ó na Meáin[3]

6.4.1 I gcás go meastar go mbeidh suim ag na meáin i mbás mic léinn, cuirfidh an Fhoireann Cúraim Thréadaigh an Cláraitheoir ar an eolas. Ba cheart fiosruithe ar bith ó na meáin a chur ar aghaidh chuig an gCláraitheoir a chruthóidh freagairt chuí. Ní nochtfaidh an Institiúid ainm an duine a fuair bás do na meáin go dtí go gcinnfear go bhfuil sé cuí é sin a dhéanamh, i.e. nuair a bheidh na húdaráis (Gardaí), an teaghlach, agus pobal Institiúid Oideachais Marino (baill foirne agus mic léinn) curtha ar an eolas.

6.4.2 Nuair is cuí, eiseoidh an Institiúid preasráiteas.

6.5 Bronnadh Céime Post Obitum

I gcás mic léinn a chríochnaigh a scrúduithe deiridh agus/nó gach measúnú riachtanach, d'fhéadfadh sé go mbronnfaí a dteastas céime ar an teaghlach le linn an Thosaithe Chuí nó ag am oiriúnach ar bith eile. Beidh feidhm aige sin chomh maith maidir le mic léinn atá incháilithe i leith bronnadh gnáthchéime ar bhonn torthaí Sofaistí Shóisearaigh. Déanfaidh Teagascóir Pearsanta[4] an mhic léinn idirchaidreamh leis an gCláraitheoir chun céim post obitum a shocrú.

## 7 Freagracht

Is í an Fhoireann Cúraim Thréadaigh atá freagrach as an nós imeachta seo a thionscnamh. Tá meas ag an bhFoireann Cúraim Thréadaigh ar gach creideamh agus traidisiún, agus tá an meas céanna acu as cásanna nach maítear creideamh ar bith. Tá an Fhoireann Cúraim Thréadaigh freagrach as comhairle a thabhairt don Institiúid maidir leis an bhfreagairt chuí i ngach cás aonair.

## 8 Doiciméid Ghaolmhara

8.1 Measúnú Acadúil agus Dul chun Cinn Acadúil

8.2 Beartas an Chórais Teagascóirí

8.3 Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí

8.4 Beartas MIE maidir leis na Meáin Shóisialta agus Líonrú Sóisialta

8.5 Beartas um Ráiteas Sábháilteachta

3 Féach Beartas MIE maidir leis na Meáin Shóisialta agus Líonrú Sóisialta

4 Féach Beartas an Chórais Teagascóirí agus Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí